PDST

Professional Development Service for Teachers | An tSeirbhís um Fhorbairt Ghairmiúil do Mhúinteoirí

# Eagraithe Grafacha

smaointe

eagar

ord

**Eagraithe Grafacha**

*Ag tacú leis bpróiseas foghlama i Múineadh agus i bhFoghlaim na Gaeilge*

www.pdst.ie

***Acmhainn Iar-bhunscoile***

© PDST 2014

This work is made available under the terms of the Creative Commons Attribution Share Alike 3.0 Licence http://creativecommons.org/licenses/by-sa/3.0/ie/. You may use and re-use this material (not including images and logos) free of charge in any format or medium, under the terms of the Creative Commons Attribution Share Alike Licence.

Please cite as: PDST, *Eagraithe Grafacha,* Baile Átha Cliath, 2014

# Clár

Réamhrá … … … … … … … … … … … … … … … … … … … … … … … … … … … … … … 4

Siollabais … … … … … … … … … … … … … … … … … … … … … … … … … … … … … 5

An Siollabas i gcomhthéacs … … … … … … … … … … … … … … … … … … … … … 9

Staighre … … … … … … … … … … … … … … … … … … … … … … … … … … … … … … 10

Sraithchairteanna … … … … … … … … … … … … … … … … … … … … … … … … … 12

Slabhra … … … … … … … … … … … … … … … … … … … … … … … … … … … … … … 14

Creatlach … … … … … … … … … … … … … … … … … … … … … … … … … … … … … 16

Braoiníní Eolais … … … … … … … … … … … … … … … … … … … … … … … … … 18

Léaráid Venn x 2 … … … … … … … … … … … … … … … … … … … … … … … … … 20

Réaltphléasc … … … … … … … … … … … … … … … … … … … … … … … … … … … 22

Cáirt Trasrangaithe … … … … … … … … … … … … … … … … … … … … … … … … 24

An Taighdeoir … … … … … … … … … … … … … … … … … … … … … … … … … … … 26

An Droichead … … … … … … … … … … … … … … … … … … … … … … … … … … … 28

Físphearsa … … … … … … … … … … … … … … … … … … … … … … … … … … … … 30

Nascaire … … … … … … … … … … … … … … … … … … … … … … … … … … … … … 32

An Clár … … … … … … … … … … … … … … … … … … … … … … … … … … … … … 34

Cóipeanna Bána … … … … … … … … … … … … … … … … … … … … … … … … … … 36

# Eagraithe Grafacha

Is modh radharcach iad na hEagraithe Grafacha a  chuidíonn le heolas a eagrú, a fhorbairt agus a achoimriú. Cuidíonn siad leis an dalta eolas atá scaipthe a eagrú go struchtúrtha. Éascaíonn siad an próiseas foghlama agus tacaíonn siad le cruthú agus forbairt smaointe. Is modh gníomhach é agus freastalaíonn na hEagraithe Grafacha ar riachtanais daltaí a bhfuil éagsúlacht stíleanna foghlama agus intleachta acu – radharcach, éistitheach agus cinéistéiseach. Éiríonn níos fearr leis na hEagraithe Grafacha nuair a úsáidtear i ngrúpaí beaga iad (beirt/triúr). Tá siad thar a bheith éifeachtach nuair a bhíonn struchtúr ar na grúpaí. Ba cheart:

(1) ról ceannaireachta a bheith ag gach duine sa ghrúpa e.g. Taifeadóir, Taighdeoir, Amadóir, Soiléireoir, Feighlí ( ag cinntiú go nglacann gach ball den ghrúpa páirt), Achoimreoir, Tuairisceoir.
(2) na hacmhainní a roinnt sa ghrúpa e.g. bileog oibre amháin ag gach grúpa.

Is cur chuige teagaisc agus foghlama  d'ardchaighdeán í don rang ilchumais i.e. is féidir le daltaí ar léibhéil éagsúla cumais obair le chéile agus is féidir le gach dalta cur go héifeachtach le foghlaim sa ghrúpa.

# Úsáid Eagraithe Grafacha

Tá cuid de ha heagraithe níos úsáidí ná cinn eile i ngnéithe áirithe den phróiseas foghlama mar shampla: ag bailiú eolais, ag déanamh comparáidí, ag forbairt smaointe, ag achoimriú agus ag síneadh smaointeoireachta agus foghlama. Díreach mar an gcéanna tá cuid de na hEagraithe Grafacha  níos áisiúla ná cinn eile le topaicí agus ábhair faoi leith. Is féidir Eagraithe Grafacha a úsáid ag gach céim den phróiseas foghlama:

- Réamh-mhúineadh topaice
- Bealach isteach sa topaic
- Múineadh topaice
- Measúnú chun foghlama
- Foghlaim neamhspléach féin treoraithe
- Stáidéar
- Dul Siar
- Ullmhú freagraí do cheisteanna scrúdaithe

Tacaíonn na hEagraithe Grafacha leis an bhfoghlaim agus cuireann siad le féinmhuinín an dalta. Cuidíonn siad go mór le measúnú múnlaitheach mar bíonn sé soiléir don dalta cad atá ar eolas aige. Is féidir na hEagraithe Grafacha a úsáid ag léibhéal ar bith – an tSraith Shóisearach nó an tSraith Shinsearach

Sa leabhrán seo tá samplaí atá deartha ag daltaí i scoileanna san Oirthuaisceart. Tabharfar faoi deara go bhfuil éagsúlacht sna samplaí agus fosta 'sna léaráidí ar bhain siad úsáid astu. Tá samplaí bána ar chúl an leabhráin. Bíonn saorchead ag an múinteoir i gcónaí  an leas is mó agus is éifeachtaí a fheiceann siad a bhaint as na hEagraithe Grafacha. Ní chaithfear cóip a dhéanamh i gcónaí; is féidir ceann a tharraingt ar an gclár dubh/bán agus iarraidh ar na daltaí é a bhreacadh síos.

Anseo thíos tá liosta na dtopaicí atá ann don Teastas Sóisearach agus don Ardteistiméireacht.

Cuidíonn na hEagraithe Grafacha go mór leis an dalta agus is bealach eile é chun tabhairt faoin bhfoghlaim sa dá shraith.

# Siollabas an Teastais Shóisearaigh – na Topaicí

1. An dalta féin
2. An scoil agus ábhair staidéir
3. Caithimh aimsire
4. An teach
5. Bia agus deoch
6. Laethanta saoire
7. Eagrais sa cheantair
8. Seirbhísí sa cheantar
9. Siopaí agus siopadóireacht
10. Postanna agus slite beatha
11. An tuath agus cúrsaí feirmeoireachta
12. Tionsclaíocht sa cheantar
13. Cúrsaí airgid agus coigiltis
14. Éadaí agus faisean
15. An corp, sláinte agus tinneas
16. Timpistí agus dainséar
17. Cúrsaí reatha áitiúla
18. An aimsir agus cúrsaí aimsire
19. Ábhair eile ina gcuireann an dalta suim
20. Ábhair staidéir breise don ardchúrsa
    - Caithimh aimsire in Éirinn
    - An saol sóisialta sa tseanaimsir
    - Saol eacnamaíochta sa tseanaimsir
    - Saol eacnamaíochta san am i láthair
    - Stair shóisialta na tíre ó aimsir an Ghorta

# Siollabas na hArdteistiméireachta - na Topaicí

1. An Dalta Féin.
2. Áit Chónaithe
3. An Scoil agus Cúrsaí Oideachais
4. Cairdeas
5. Ceol
6. Spórt
7. Caithimh Aimsire
8. An Ghaeilge
9. Na Meáin Chumarsáide
10. Saol na hOibre
11. Taisteal agus Teangacha
12. An Aimsir
13. Daoine ar Leith
14. Creideamh agus Eitic
15. Cultúr
16. Fadhbanna an Duine Óig
17. Tionsclaíocht
18. An Timpeallacht
19. Cúrsaí Náisiúnta agus Idirnáisiúnta
20. An Státchóras
21. Airgead
22. Faisean
23. Bia agus Sláinte
24. Laethanta Saoire
25. An Tríú Domhan
26. An Litríocht
27. Ábhar eile ina gcuireann an dalta suim

# Siollabas an Teastais Shóisearaigh – Feidhmeanna

'Séard atá i gceist le feidhm teanga ná an teanga atá ag teastáil le labhairt faoi thopaic áirithe. B'fhéidir go mbreathnódh an múinteoir ar fheidhmeanna mar ' na réimsí brí is gá chun labhairt faoi thopaic'. Is féidir féachaint ar an bhfeidhm mar an sprioc foghlama a bhíonn ag an bhfoghlaimeoir agus é ag tabhairt faoi fhoghlaim teanga. Mar shampla úsáideann muid teanga chun daoine a chur in aithne nó chun cur síos a dhéanamh ar rud. Is feidhmeanna teanga iad seo. Anseo thíos tá an liosta feidhmeanna atá luaite i Siollabas an Teastais Shóisearaigh

1. Daoine a chur in aithne
2. Bualadh le daoine
3. Scaradh
4. Coinne a dhéanamh
5. Duine/rud a aithint
6. Ag iarraidh go n-aithneofaí duine nó rud
7. Cur síos a dhéanamh
8. A fháil amach an cuimhin leat rud/duine éigin
9. A rá go bhfuil/nach bhfuil rud éigin ar eolas agat
10. A rá go gcaithfidh/nach gcaithfidh tú rud a dhéanamh
11. Dearcadh duine a lorg
12. Dearcadh a chur in iúl
13. A rá go n-aontaíonn/nach n-aontaíonn tú le rud
14. Tuairim a thabhairt/a lorg
15. Rogha a chur in iúl/iarraidh ar dhuine rogha a dhéanamh
16. A rá go bhfuil/nach bhfuil rud ag teastáil
17. Comhairle a lorg/a thabhairt
18. A chur in iúl go bhfuil/nach bhfuil tú sásta le rud
19. Buairt a chur in iúl
20. Mothúcháin eile a chur in iúl
21. Rud a iarraidh/a thairiscint/a dhiúltú
22. Fáil amach/a rá go bhfuil tú in ann/nach bhfuil tú in ann rud a dhéanamh
23. Cead a lorg
24. Leithscéal a ghabháil/a ghlacadh
25. Cabhair a lorg/a thabhairt
26. Orduithe a thabhairt
27. A rá go bhfuil súil agat…..
28. Iarraidh ar dhuine rud a shoiléiriú
29. Míniú a lorg/a thabhairt

# Siollabas an Teastais Shóisearaigh – Nóisin

'Séard atá i gceist le Nóisin ná na struchtúir theanga /na múnlai cainte atá de dhíth chun cumarsáid a dhéanamh. Usáidtear múnla cainte chun an fheidhm (úsáid) teanga a chur in iul. Mar shampla má tá mé ag iarraidh beannú a dhéanamh ( feidhm) úsáidfidh mé 'Dia duit' nó 'Maidin mhaith' nó nath eile. Ag caint faoi mhinicíocht –'Bíonn Corpoideachas againn gach Máirt' nó 'Bíonn Corpoideachas againn go seachtainiúil'. Tá múnlaí atá oiriúnach don Bhonnléibhéal agus cinn eile atá níos oiriúnaí don Ghnáth agus don Ardléibhéal. Is iad seo na Nóisin atá luaite i Siollabas an Teastais Shóisearaigh.

### Bonnléibhéal

Ba chóir go mbeadh na daltaí ábalta na réimsí brí anseo thíos a thuiscint agus a chur in iúl mar a oireann siad do na gníomhaíochtaí, topaicí, 7rl. atá luaite.

1. Go bhfuil/nach bhfuil rud ann e.g. Tá/níl milseáin sa siopa
2. Gur féidir/nach féidir rud a dhéanamh e.g. Tá/Níl mé ábalta leabhar a léamh.
3. Gur tharla/nár tharla rud éigin na bunaimsirí acu e.g. Bhí/Ní raibh stoirm ann aréir.
4. Cá bhfuil rud e.g. Cá bhfuil an siopa?
5. Go bhfuil gluaiseacht i gceist e.g. Chuaigh mé suas an staighre
6. Cén méid nó toirt atá ag rud e.g. Tá an t-ollmhargadh an-mhór/Tá 500 dalta sa scoil.
7. An t-am, laethanta na seachtaine, míonna agus dátaí
8. Minicíocht cé chomh minic is a tharlaíonn rudaí e.g. Bíonn Gaeilge againn gach lá.
9. Uimhearthacht bunuimhreacha, uimhreacha pearsanta agus orduimhreacha
10. Cruth díreach cothrom 7rl e.g. Tá an bóthar go BÁC fada agus díreach.
11. Meáchan e.g. Tá mo chara 50 cileagram meacháin.
12. Teocht te/fuar 7rl e.g. Bhí sé te inné./Bhí an teocht 15 chéim Celsius.
13. Taise fliuch/tirim e.g. Bíonn sé fliuch sa gheimhreadh.
14. Dath e.g. Tá dath…..ar ……
15. Aois e.g. Táim 7 mbliana d'aois.
16. Luach saor/daor 7rl e.g. Tá 30c ar mhála criospaí.
17. Tréithe aidiachtaí e.g. Tá Síle ard agus álainn.

## Gnáthléibhéal/ Ardléibhéal

Is iad seo na Nóisin a bhaineann leis an nGnáthléibhéal agus leis an Ardléibhéal


1. Rud a bheith i láthair/ as láthair e.g. Tá/Níl sé ar fáil. Níl tásc ná tuairisc air.
2. Féidearthacht e.g. Tá/Níl sé in ann teacht. Tá/Níl sé ar a chumas an obair a dhéanamh.
3. Tarlú e.g. Tharla an rud sin go minic dom./B'shin mar a thit sé amach.
4. Suíomh e.g. I lár an tseomra/ sa tuaisceart/os comhair an tí
5. Gluaiseacht e.g. Tháinig sí aníos an tsráid./Chuaigh sé i bhfoisceacht don teach.
6. Méid e.g. Tá an loch mór agus leathan./Chuaigh an carn i méid diaidh ar ndiaidh.
7. Am e.g. Tamall ó shin/ tar éis tamaill/ar feadh seachtaine
8. Minicíocht e.g. gach lá/go rialta/go seachtainiúil/de ghnáth
9. Buaine agus athrú e.g. Tá post buan ag mo mhathair; Is múinteoir í./Tá mo sheanmháthair ag dul in aois./Tá ag éirí níos fearr liom ar scoil.
10. Uimhearthacht e.g. leath na scoile/sa chéad áit/ ar dtús/ina theannta sin
11. Cruth e.g. Tá cruth cearnógach ar an halla nua./Bíonn na bóithre cam i measc na sléibhte.
12. Meáchan e.g. Tá mise níos troime ná mo dheartháir./Má itheann tú barraíocht cuirfidh tú suas meachán.
13. Teocht e.g. Teas an tSamhraidh/fuacht an Gheimhridh./Bhí gaoth bhog fhionnuar ag séideadh.
14. Taise e.g. Bhí mé fliuch báite./Beidh sé tirim amárach.
15. Dath e.g. Thug an múinteoir bileog dom agus dhathaigh mé í.
16. Aois e.g. Tá mo sheanathair aosta./Tá mo mhamaí ag dul in aois.
17. Luach e.g. Bhí an braisléad costasach mar bhí sé luachmhar./Is fiú €200 an mála láimhe sin.
18. Ábhar e.g. miotal, adhmad, éadach, plaisteach 7rl. e.g. Mála plaisteach/ píosa adhmaid/ bonn óir
19. Tréithe e.g. Is duine maith/olc/gránna é./Tá sé níos fearr ná a chara.
20. Gaolta e.g.gaol loighiciúil (cúis/fáth/toisc/mar/mar gheall ar),
    Gaol ama (na haimsirí, nathanna a bhaineann le haimsirí e.g. roimhe seo/cheana féin/ faoi dheireadh)
21. Gnéithe eile e.g. úsáideach, gan mhaith, furasta, deacair 7rl.

Caithfear feidhmeanna a mhúineadh ach bíonn na nóisin ag brath ar léibhéal agus cumas an ranga. Déanann an léaráid seo soiléiriú ar an réamhmhachnamh a theastaíonn le cinntiú go bhfuil na feidhmeanna/nóisin in oiriúint don rang.


**Úsáid shamplach** – aiste don Teastas Sóisearach '**Cluiche a Chonaic Mé'**

| *Feidhm/úsáid teanga* | Nóisin/ múnla cainte **Bonnléibhéal** | Nóisin/múnla cainte **Gnáthléibhéal** | Nóisin/múnla cainte **Ardléibhéal** |
|---|---|---|---|
| Cead a lorg | *Bhí cead agam dul go dtí an cluiche* | *Thug mo thuismitheoirí cead dom dul go dtí an cluiche* | *D'iarr mé cead ar mo thuismitheoirí dul go dtí an cluiche* |
| Coinne a dhéanamh | *Bhuail mé le mo chara Seán ar a 2 a chlog* | *Shocraigh mé bualadh le Seán ar a 2 a chlog* | *Dúirt mé le Seán go mbuailfinn leis ar a 2 a chlog* |
| Cur síos a dhéanamh | *Bhí dath dearg ar fhoireann amháin* | *Bhí geansaithe dearga ag foireann amháin* | *Bhí dearg á chaitheamh ag foireann amháin* |
| Mothú a chur in iúl | *Bhí áthas orm gur bhuaigh m'fhoireann* | *Bhí áthas an domhain orm nuair a bhuaigh m'fhoireann* | *Bhí sceitimíní áthais orm nuair a bhuaigh foireann s'againne* |

# Staighre





**Úsáid shamplach –**
múineadh na gramadaí




**Úsáid shamplach** –
litir a scríobh


**Feidhmeanna teanga/ spriocanna foghlama** –
Bualadh/ scaradh le duine; dearcadh a chur in iúl.....

# Sraithchairteanna




**Úsáid shamplach –**
Mé Féin


**Feidhmeanna teanga/spriocanna foghlama**
Duine a chur in iúl; cur síos a dhéanamh ...




**Úsáid shamplach –**
Scéal Billie Holiday

**Feidhmeanna Teanga/Spriocanna foghlama –**
duine a chur in aithne; tuairim a thabhairt ...


# Slabhra




Túsphointe

***Úsáid shamplach*** –
***Litir*** -'Bronntanas a fuair mé'

**Feidhmeanna teanga/spriocanna foghlama**
– dearcadh a chur in iúl; mothú a chur in iúl…..





Túsphointe

**Úsáid shamplach –**
**Aiste**- 'An Timpeallacht'


**Feidhmeanna Teanga/ Spriocanna foghlama** – cur síos a dhéanamh; dearcadh a chur in iúl; buairt a chur in iúl….

# Creatlach




**Úsáid shamplach - Comhrá** - 'Saoire cois trá'


**Feidhmeanna teanga/ Spriocanna foghlama** – mothú a chur in iúl; ag cur in iúl go/nach bhfuil tú sásta le rud…




**Úsáid shamplach-**
Scrúdú cainte


**Feidhmeanna teanga/ Spriocanna foghlama-**
Daoine a chur in aithne; dearcadh a lorg/a chur in iúl...

# Braoiníní Eolais




**Úsáid shamplach** –
foclóir a bhailiú


**Feidhmeanna Teanga/ Spriocanna foghlama** – a rá go/nach bhfuil rud ar eolas agat; cur síos a dhéanamh……




**Úsáid shamplach-**
eochairfhocail sa bhfilíocht


**Feidhmeanna teanga/ Spriocanna foghlama –**
mothú a chur in iúl; tuairim a thabhairt..

# Léaráid Venn x 2




**Úsáid shamplach-**
Comparáid idir dhá áit


**Feidhmeanna teanga/ Spriocanna foghlama** –
a rá go/nach bhfuil rud ar eolas agat;
Rogha a chur in iúl...




**Úsáid shamplach –**
comparáid idir dhá thréimhse


**Feidhmeanna teanga/ Spriocanna foghlama –**
a rá go/nach bhfuil rud ar eolas agat ;
Iarraidh ar dhuine rogha a lorg .....

# Réaltphléasc




**Úsáid shamplach-**
Aiste 'Mé Féin'

**Feidhmeanna teanga/ Spriocanna foghlama –**
cur síos a dhéanamh;
míniú a thabhairt…..




**Úsáid shamplach-**
Aiste 'Ceol'

**Feidhmeana teanga / Spriocanna foghlama –**
míniú a thabhairt;
tuairim a thabhairt....

# Cáirt Trasrangaithe

| | Téama | Íomhanna | Mothúcháin | Friotal | Atmaisféar |
|---|---|---|---|---|---|
| Na Blátha Craige | An Dúlra | Bruach na haille; cúr na farraige | Brón; Uaigneas; Aoibhneas | Simplí; Baint aige leis an dúlra | Duairc; Gránna |
| Faoileán | Saint | An faoileán marbh; Ola ar an bhfarraige | Uaigneas; Trua; Fearg | Lom; Gonta | Uaigneach; Truamhéil-each |
| Áth Luain | Scrios na timpeall-achta | Bruscar sa chanáil; boscaí briste | Fearg; déistin; | Searbh; Gonta | Gránna; déistineach |
| Subh Milis | Duine óg ag fás aníos | Subh ar an mbaschrann | Fearg; Brón; Uaigneas | Simplí; Sothuigthe | Grámhar |

**Úsáid shamplach –**
Comparáid idir dánta

**Feidhmeanna teanga –**
A rá go/nach bhfuil rud ar eolas agat;
Tuairim a thabhairt...

| | Obair bhaile | Ranganna | Múinteoir | Léibhéal | Scrúdú |
|---|---|---|---|---|---|
| Béarla | Obair scríofa gach oíche | 5 rang sa seachtain | An-chabhrach | Ardléibhéal | Gach dara seachtain |
| Gaeilge | Obair scríofa gach dara hoiche | 4 rang sa seachtain | Fuinniúil | Gnáthléibhéal | Gach seachtain |
| Fraincis | Foclóir le foghlaim | 3 rang sa seachtain | Cainteach | Ardléibhéal | Gach lá |
| Mata | Suimeanna gach oíche | 5 rang sa seachtain | Crosta | Bonnléibhéal | Gach Aoine |

**Úsáid shamplach -**
Comparáid idir ábhair scoile

**Feidhmeanna teanga -**
Ag cur in iúl go/nach bhfuil tú sásta le rud...

# An Taighdeoir

| | |
|---|---|
| Ceist 1 Cad is ainm don mháthair? | Ceist 2 Cé mhéad páiste atá sa chlann? |
| Freagra | Freagra |
| Ceist 3 Conas a mhothaíonn an mháthair? | Ceist 4 Cén sórt duine é an t-athair? |
| Freagra | Freagra |
| Ceist 5 Cén obair tí a dhéanann sí ? | Ceist 6 Déan cur síos ar an gcistin |
| Freagra | Freagra |

**Úsáid shamplach –**
Clare sa Spéir

**Feidhmeanna teanga/Spriocanna foghlama –**
a rá go nach/bhfuil rud ar eolas agat

| | |
|---|---|
| Ceist 1 *An spórt is fearr leat?* | Ceist 2 *An imríonn tú spórt?* |
| Sacar 7 Rugbaí 4<br>Peil 5<br>Camógaíocht 10 | Imrím 15<br>Ní imrím 11 |
| Ceist 3 *An bhfuil Nintendo DS agat?* | Ceist 4 *An fhoireann sacair is fearr leat?* |
| Tá 20<br>Níl 6 | Learpholl 11<br>Man Utd. 5<br>Na Ceiltigh 4<br>Chelsea 6 |
| Ceist 5 *An bhfuil tú aclaí?* | Ceist 6 *Cén dath a chaitheann Co. Lú?* |
| Tá 15<br>Níl 11 | Ceart 19<br>Mícheart 7 |

**Úsáid shamplach –**
Suirbhé ranga

**Feidhmeanna teange/Spriocanna foghlama –**
iarraidh ar dhuine rud a shoiléiriú

## An Droichead

| | | |
|---|---|---|
| an caisleán | barr → | an chaisleáin |
| an bóthar | i lár → | an bhóthair |
| an gluaisteán | doras → | an ghluaisteáin |
| an-tasal | cluasa → | an asail |
| an t-urlár | ag scuabadh → | an urláir |
| an fear | hata → | an fhir |
| an séipéal | doras → | an tséipéil |

**Úsáid shamplach -** an ginideach a mhúineadh

| | | |
|---|---|---|
| Bhí brón orm | mar | chuaigh mo thuismitheoirí go dtí An Spáinn |
| Bhí áthas uirthi | nuair a | cheannaigh sí éadaí nua |
| Bhí ocras orm | cé gur | ith mé lón maith |
| Bhí tart ar Liam | tar éis dó | a bheith ag sú na gréine |
| Bhí tuirse orthu | ainneoin go | ndeachaigh siad a luí luath |
| Bhí díomá ar Phól | toisc gur | chaill sé an cluiche |
| Bhí bród ar Shíle | mar | bhuaigh sí an comórtas |

**Úsáid shamplach**
– abairt a shíneadh

**Feidhmeanna teanga/ Spriocanna foghlama -**
mothúcháin a chur in iúl ...

# Físphearsa

| Gníomhartha |
| --- |
| Éisteann sé |
| Féachann sé |
| Cabhraíonn sé |
| Téann sé |
| Glaonn sé |
| Déanann sé |
| Imríonn sé |

| Nathanna |
| --- |
| "Dia duit" |
| " Learpholl abú" |
| "Ar aghaidh linn" |
| " Imigh leat" |
| "Is cuma" |
| " Féach ar sin" |
| " Cuir téacs chugam" |



| Tréithe |
| --- |
| Cairdiúil |
| Gealgháireach |
| Cabhrach |
| Cainteach |
| Tuisceanach |
| Ceisteach |
| Flaithiúil |

**Úsáid shamplach**
– Mo Chara

| Cuma |
| --- |
| Ard |
| Caol |
| Fionn |
| Dathúil |
| Spágach |
| Aisteach |
| Áthasach |

| Imeachtaí |
|---|
| Ag ullmhú don trá |
| Ag léamh |
| Bhí pram aici |
| Thóg sí na páistí isteach san fharraige |
| Scríobh sí litreacha |
| Spreag sí na páistí |
| Bhí saoirse aici |

| Imeachtaí |
|---|
| A fear céile ag filleadh |
| B'fhuath léi obair tí |
| Tuairimí eile ag a fear céile |
| Míshásta ag filleadh abhaile |
| Lig sí osna |
| D'ullmhaigh sí na páistí |



| Mothúcháin |
|---|
| Grá |
| Brón |
| Imní |
| Eagla |
| Díomá |
| Fearg |
| Frustrachas |

| Tréithe |
|---|
| Fíorthanaí |
| Faoi strus |
| Gléasta go simplí |
| Hata tuí uirthi |
| Faoi bhois an chait |

**Úsáid shamplach –**
'An Bhean Óg' le
Máire Mhac an tSaoi

| Gníomhartha |
| --- |
| Chuaigh sí isteach sa chistin |
| Chuir sí smideadh uirthi féin |
| D'oscail sí an doras |
| Labhair sí isteach sa mic |
| Lig sí Daithí isteach |
| Bhí sí ag crith le heagla |
| Bhí sí neirbhíseach |

| Nathanna |
| --- |
| Gardaí mórthimpeall |
| Ar siúl cheana féin |
| Bhí sí réidh dó |
| Ná bí buartha |
| Bhí a croí ag preabadh |
| Dúirt sí i gcogar |
| Crith ina glór |



| Mothúcháin |
| --- |
| Buairt |
| Eagla/Faitíos |
| Neirbhíseacht |
| Scanradh |
| Uafás |
| Dílseacht |
| Imní |

| Tréithe |
| --- |
| Bean óg ghleoite |
| Ag caitheamh gúna buí |
| Ag caitheamh smideadh |
| Ag siúl agus ag bogadh timpeall |
| Cuideachtúil |
| Cairdiúil |

**Úsáid shamplach -**
'An Cháis sa Gháiste'
le Catherine Foley

# Nascaire

**Mo Mhuintir**
Tá 6 sa chlann
Tá deartháir amháin agam
Is mise an duine is sine

**Cur síos orm féin**
Gruaig fhada fhionn
Súile gorma
Ard agus tanaí
Cairdiúil

**Scoil**
Clochar
Sa dara bliain
27 sa rang
11 ábhar scoile
Mata is fearr liom

**Is Mise Laura**

**Caithimh Aimsire**
Is maith /aoibhinn liom…
Ag siúl/ag bualadh le mo chairde/ ag éisteacht le ceol/ ag siopadóireacht

**Mo Cheantar**
I mo chónaí i bhFionn Ghlas;
A lán áiseanna;
Na daoine cairdiúil;
Páirceanna peile

**Saoire**
Bhí muid sa Spáinn;
Aimsir go hálainn;
Ag sú na gréine;

**Úsáid shamplach**– cur síos ar charachtar

**Feidhmeanna teanga**– duine a aithint; Cur síos a dhéanamh…

**Diarmaid sa scéal 'Trátaí Úra' le Diarmaid Ó Tuama**

**Tréithe**

Bhí sé macánta

Bhí meas aige ar a thuismitheoirí

**Cad a rinne sé?**
D'inis sé an scéal dá thuismitheoirí.

Chuaigh sé ar aifreann chun guí ar son a athar.

**Smaointe**
Bhí eagla air.
Bhí sé ciontach.
Bhí sé misniúil
Bhí áthas air mar fuair a athair ardú céime.

**Cad a dúirt sé?**
"scólta céasta idir anam is choinsias".
" ní i gcónaí a bhíonn an fhírinne searbh".

**Mothúcháin**
Bhí sé buartha agus bhí faitíos air.
Bhí sé cliste agus glic.

**A tharlaíonn dó?**
D'inis sé an scéal dá thuismitheoirí.
Níor inis sé an scéal an dara huair go ceann 5 bliana.

**Úsáid shamplach** – carachtar a mheas

**Feidhmeanna teanga** – tuairim a thabhairt/lorg; dearcadh a chur in iúl; mothúcháin a chur in iúl ...

# An Clár

Bhí Iarla ina chónaí ar an Charn Bhuí agus bhí sé leis féin sa saol.

Ba mhaith leis bean a phósadh

Lá amháin bhuail sé le bean álainn darb ainm 'Banríon an Uaignis'

Bhí beirt pháiste acu. Ní raibh cead ag an Iarla aon duine a thabhairt go dtí an caisleán mar gheall sé é seo do Bhanríon an Uaignis

Chuaigh an tIarla chuig na rásaí capaill ar an Trá Bhán.
Bhuaigh sé 3 rás agus bhí áthas an domhain air

Thug sé cúpla fear ar ais chuig an chaisleán. Nuair a chonaic an bhean iad léim sí agus na páistí isteach sa tobar

D'ardaigh an t-uisce agus chlúdaigh sé an caisleán.Bhí an tIarla croíbhriste agus chaith sé a shaol go brónach ar an Charn Bhuí.

**Úsáid shamplach**
– achoimre ar an scéal 'Banríon an Uaignis'

**Feidhmeanna teanga –**
iarraidh ar dhuine rud a shoiléiriú; míniú a thabhairt ...

**An Beannú / An turas**
Cén scéal?
I mbarr na sláinte
Eitleán
Píolóta ina ghealt

**Lóistín**
Óstán álainn
Rogha gach bia
Linn snámha
Seomra gleacaíochta

**Aimsir**
An ghrian
ag scoilteadh na gcloch
Spéir gheal ghrianmhar
Lóis ghréine

**Cairde nua**
Bhuail mé le….
Is spéirbhean í/buachaill
den scoth é
Chuamar chuig dioscó

**Ag filleadh**
Fillfidh mé ar an…
Buailfidh mé leat….
Inseoidh mé duit faoi….


**Críoch**
Ádh mór ort
Slán go fóill
Do bhuanchara


**Úsáid shamplach -**
litir a scríobh


**Feidhmeanna teanga -**
Bualadh/scaradh le duine;
Cur síos ar rud;
Mothúcháin a chur in iúl….


# Cuid 2


# Eagraithe Físfhoghlama bána le húsáid sa seomra ranga





















| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| | | | | |
| | | | | |
| | | | | |
| | | | | |
| | | | | |
| | | | | |














An Staighre




Sraithchairteanna




Slabhra




Creatlach




Braoiníní Eolais




Léaráid Venn x 2



Réaltphléasc




Cáirt Trasrangaithe




An Taighdeoir




An Droichead




Físphearsa




Físphearsa



An Clár



An Nascaire



©

# A-U-F

| An t-eolas atá Agam faoin ábhar | An t-eolas atá Uaim faoin ábhar | Rud nua atá Foghlamtha agam |
|---|---|---|
| | | |

PDST

JCSP Literacy & Numeracy Strategy

# Eochairfhocail le Bheith ar Eolas

**Ábhar:** ______________________ **Dáta Tosaithe:** ______________________

**Topaic:** ______________________ **Dáta Críochnaithe:** ______________________

***Treoracha:*** *Breathnaigh ar do liosta eochairfhocal don topaic seo agus beartaigh ar cén colún ar mhaith leat gach focal a bhreacadh síos ann.*

| Níl an focal ar eolas agam ar chor ar bith | Chonaic agus chuala mé an focal ach níl fhios agam cad is brí leis | Measaim go bhfuil an bhrí ar eolas agam | Tá an bhrí ar eolas agam |
|---|---|---|---|
| | | | |
| | | | |
| | | | |
| | | | |
| | | | |
| | | | |
| | | | |
| | | | |
| | | | |
| | | | |
| | | | |
| | | | |
| | | | |
| | | | |
| | | | |

De réir mar a fhoghlaimeoidh tú níos mó faoin topaic seo bogfaidh tú i dtreo an cholúin ar thaobh na láimhe deise.



© Clár Scoile an Teastais Shóisearaigh

Clár Scoil an Teastais Shóisearaigh

# Amharc Chearnóg Briathartha

**Sainmhíniú**

**Focail ghaolmhara ds**

**An focal in abairt**

**Féachann an focal mar seo**

Junior Certificate School Programme

# Cleachtadh Ionchais

| | | | |
|---|---|---|---|
| **Ainm** | | **Rang** | |
| **Topaic** | | **Dáta** | |

| Aontaím | Easaontaím | | Ráiteas | Aontaím | Easaontaím | Fianaise |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | | 1 | | | | |
| | | 2 | | | | |
| | | 3 | | | | |
| | | 4 | | | | |

| | |
|---|---|
| **Treoracha:**<br>Tabhair buille faoi thuairim, léigh an sliocht / féach ar an físeán, freagair arís, cuir torthaí i gcomparáid roimh & tar éis | Tabhair cúis nó sampla ón téacs / físeán cén fáth a n-aontaíonn / n-easaontaíonn tú anois |

## 3 2 1

| | |
|---|---|
| **3** | **Rudaí a Fuair mé Amach** |
| | |
| **2** | **Rudaí Suimiúla** |
| | |
| **1** | **Ceisteanna atá Fós Agam** |
| | |

# PRÍOMH ÁBHAR

## Sonraí Tacaíochta

1

2

3

# Obair Baile: Cárta Feabhais

| | |
|---|---|
| 1 | Feabhas ag teastáil |
| 2 | Breis oibre ag teastáil |
| 3 | Sásúil |
| 4 | Go maith |
| 5 | An-mhaith |

Dalta: ______________________

Seachtain dar tús: ______________________

| | Dé Luain | Dé Máirt | Dé Céadaoin | Déardaoin | Dé hAoine |
|---|---|---|---|---|---|
| Dalta | | | | | |
| Múinteoir | | | | | |

**Cuntas an Mhúinteora:**

Rinne tú go maith anseo: ______________________

Rinne tú go maith anseo freisin: ______________________

Ba chóir duit machnamha dhéanamh ar: ______________________

______________________

______________________

**Cuntas an Dalta:**

Is éard is gá domsa a dhéanamh chun feabhas a chur ar m'obair baile ná: ______________________

______________________

______________________

Conas a bheidh a fhios agam go bhfuil mé ag dul chun cinn le hobair baile?

(1) ______________________

(2) ______________________

(3) ______________________

# Ag Obair i d'Aonar: Cárta Feabhais

Dalta: ______________________

Seachtain dar tús: ______________________

| | |
|---|---|
| 1 | Feabhas ag teastáil |
| 2 | Breis oibre ag teastáil |
| 3 | Sásúil |
| 4 | Go maith |
| 5 | An-mhaith |

| | Dé Luain | Dé Máirt | Dé Céadaoin | Déardaoin | Dé hAoine |
|---|---|---|---|---|---|
| Dalta | | | | | |
| Múinteoir | | | | | |

**Cuntas an Mhúinteora:**

Rinne tú go maith anseo: ______________________

Rinne tú go maith anseo freisin: ______________________

Ba chóir duit machnamha dhéanamh ar: ______________________

______________________

______________________

**Cuntas an Dalta:**

Is éard is gá domsa a dheanamh chun feabhas a chur ar m'obair aonair ná: ______________________

______________________

______________________

Conas a bheidh a fhios agam go bhfuil mé ag dul chun cinn le m'obair aonair?

(1) ______________________

(2) ______________________

(3) ______________________

# Ag Obair le Daoine Eile : Cárta Feabhais

| | |
|---|---|
| 1 | Feabhas ag teastáil |
| 2 | Breis oibre ag teastáil |
| 3 | Sásúil |
| 4 | Go maith |
| 5 | An-mhaith |

Dalta: ______________________

Seachtain dar tús: ______________________

| | Dé Luain | Dé Máirt | Dé Céadaoin | Déardaoin | Dé hAoine |
|---|---|---|---|---|---|
| Dalta | | | | | |
| Múinteoir | | | | | |

**Cuntas an Mhúinteora:**

Rinne tú go maith anseo: ______________________

Rinne tú go maith anseo freisin: ______________________

Ba chóir duit machnamha dhéanamh ar: ______________________

______________________

______________________

**Cuntas an Dalta:**

Is éard is gá domsa a dhéanamh chun feabhas achur ar m'obair ghrúpa ná: ______________________

______________________

______________________

Conas a bheidh a fhios agam go bhfuil mé ag dul chun cinn le hobair ghrúpa?

(1) ______________________

(2) ______________________

(3) ______________________

# Tinreamh: Cárta Feabhais

| | |
|---|---|
| 1 | Feabhas ag teastáil |
| 2 | Breis oibre ag teastáil |
| 3 | Sásúil |
| 4 | Go maith |
| 5 | An-mhaith |

Dalta: ______________________

Seachtain dar tús: ______________________

| | Dé Luain | Dé Máirt | Dé Céadaoin | Déardaoin | Dé hAoine |
|---|---|---|---|---|---|
| Dalta | | | | | |
| Múinteoir | | | | | |

**Cuntas an Mhúinteora:**

Rinne tú go maith anseo: ______________________

Rinne tú go maith anseo freisin: ______________________

Ba chóir duit machnamha dhéanamh ar: ______________________

______________________

______________________

**Cuntas an Dalta:**

Is éard is gá domsa a dhéanamh chun feabhas a chur ar mo fhreastal ar scoil ná: ______

______________________

______________________

Conas a bheidh a fhios agam go bhfuil mé ag dul chun cinn le mo fhreastal ar scoil?

(1) ______________________

(2) ______________________

(3) ______________________

# Poncúlacht: Cárta Feabhais

| | |
|---|---|
| 1 | Feabhas ag teastáil |
| 2 | Breis oibre ag teastáil |
| 3 | Sásúil |
| 4 | Go maith |
| 5 | An-mhaith |

Dalta: ____________________

Seachtain dar tús: ____________________

| | Dé Luain | Dé Máirt | Dé Céadaoin | Déardaoin | Dé hAoine |
|---|---|---|---|---|---|
| Dalta | | | | | |
| Múinteoir | | | | | |

**Cuntas an Mhúinteora:**

Rinne tú go maith anseo: ____________________

Rinne tú go maith anseo freisin: ____________________

Ba chóir duit machnamha dhéanamh ar: ____________________

____________________

____________________

**Cuntas an Dalta:**

Is éard is gá domsa a dhéanamh chun feabhas a chur ar mo phoncúlacht ná: ____________________

____________________

____________________

Conas a bheidh a fhios agam go bhfuil mé ag dul chun cinn le mo phoncúlacht?

(1) ____________________

(2) ____________________

(3) ____________________

# Notes

# Notes

# Notes

Professional Development Service for Teachers | An tSeirbhís um Fhorbairt Ghairmiúil do Mhúinteoirí

14 Bealach an tSeoighigh,
Páirc Ghnó na Páirce Thiar,
Bóthar Nangair,
Baile Átha Cliath 12.
01 - 435 8587 info@pdst.ie
www.pdst.ie

This resource is available to download from www.pdst.ie/publications

Tá an tSFGM á maoiniú ag Rannóg um Oideachas Múinteoirí na Roinne Oideachais agus Scileanna (ROS). Tá an tSeirbhís seo á bainistiú ag Ionad Oideachais Bhaile Átha Cliath Thiar.

An Roinn Oideachais agus Scileanna | Department of Education and Skills

Dublin West Education Centre